Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/159

6.10.2023

**Fógra ina n-iarrtar tograí maidir le limistéar eastósctha a aistriú le haghaidh eastóscadh hidreacarbóin**

(C/2023/159)

Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive, i gcomhréir le Roinn 27a(1) d'Acht Uimh. 44/1988 maidir le hacmhainní mianracha a chosaint agus a shaothrú (an tAcht Mianadóireachta), arna leasú, fógraíonn sí leis seo go bhfuil an tSlóvaic, trí Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive, mar an t-údarás inniúil, ag iarraidh tograí chun limistéar eastósctha a aistriú atá tiomnaithe d'eastóscadh fosaithe gáis nádúrtha (ar maoin de chuid Phoblacht na Slóvaice é). Thairis sin, maidir le hAirteagal 3(2)(a) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, iarrann an Oifig ar na páirtithe lena mbaineann tograí a chur isteach maidir le haistriú an limistéir eastósctha seo a leanas:

**Špačince (fosú Uimh. 13)**

Ainm an limistéir eastósctha/cláruimhir: Špačince /098/A

Achar dromchla an limistéir eastósctha ina m$^2$: 322 923,89

An cineál mianra: gás nádúrtha

Méid na dtearmann geolaíoch: 10 000 000 m$^3$ sa chatagóir a d'fhéadfadh a bheith inmharthana

Limistéar cadastrach (IČUTJ – uimhir aitheantais): Špačince (861 049)

Ceantar/cód ceantair: Trnava/207

Stádas an láithreáin táirgthe: Eastóscadh an fosú go dtí 1996. Níor cuireadh tús le heastóscadh an fhosaithe arís ó shin.

Comhordanáidí reanna limistéar eastósctha Špačince:

| Reanna an limistéir eastósctha | Domhanfhad | Domhanleithead |
|---|---|---|
| I | 17,62747682 | 48,42965402 |
| II | 17,62520611 | 48,43127419 |
| III | 17,62404136 | 48,43947535 |
| IV | 17,62728349 | 48,43967919 |
| V | 17,63029415 | 48,43159405 |

Tá na comhordanáidí geografacha ina gcéimeanna deachúla agus is é WGS-84 an córas geodasach.

*Príomhshonraí:*

**An cineál údaraithe :** – an ceart chun fosú eisiach a eastóscadh agus na mianraí eastósctha a láimhseáil (ní fhéadfaidh an t-eintiteas a bhfuil an togra á mholadh aige an ceart sin a fheidhmiú ach amháin tar éis don Oifig Mianadóireachta údarú atá ceangailteach ó thaobh dlí le gníomhaíocht mhianadóireachta a eisiúint).

**An seoladh nach mór tograí a sheoladh chuige maidir le haistriú an limistéir eastósctha agus an sprioc-am chun tograí a fháil maidir le haistriú an limistéir eastósctha :** – *Obvodný banský úrad v Bratislave* (Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive), Mlynské nivy 44/a, 821 09 an Bhratasláiv, an tSlóvaic. Ní mór tograí a fháil laistigh de 90 lá ó dháta foilsithe an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Coinníollacha rannpháirtíochta sa nós imeachta roghnúcháin:** duine dlítheanach nó duine nádúrtha a chuireann togra isteach maidir le haistriú an limistéir eastósctha, ní mór dó fianaise a sholáthar ar **údarú bailí mianadóireachta** nó ar **údarú comhchosúil** arna eisiúint ag Stát ar páirtí é sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a dhéanfar sa limistéar eastósctha is ábhar don togra, agus ní mór togra maidir le bainistiú dramhaíola agus tuarascáil ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta go dtí seo a bheith san áireamh ann.

**Coinníollacha chun cóipeanna a fháil den doiciméadacht maidir leis an limistéar fosaithe cosanta a ainmniú agus maidir leis an limistéar eastósctha a ainmniú:** is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann teorainneacha an limistéir eastósctha agus is féidir cóip den chomhaontú maidir leis an limistéar fosaithe cosanta a ainmniú agus maidir leis an limistéar eastósctha a ainmniú a fháil ag Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive, Mlynské nivy 44/b, SK-821 09, an Bhratasláiv, an tSlóvaic.

**Ceanglais i dtaca le hábhar na dtograí maidir le haistriú an limistéir eastósctha**: sonraí maidir leis an limistéar eastósctha agus sonraí maidir leis an bhfosú eisiach, an modh eastósctha atá beartaithe agus an modh forbartha, ullmhaithe, modhnaithe agus scagtha, réamhdhátaí maidir leis an obair forbartha, ullmhúcháin agus eastósctha, bearta chun tionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí sa limistéar eastósctha a laghdú, acmhainní airgeadais an eintitis a bhfuil an togra á mholadh aige, acmhainní teicniúla an eintitis a bhfuil an togra á mholadh aige, léiriú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le coinbhleachtaí leasa a réiteach agus ríomh na dtairbhí a bhfuil coinne leo ó shaothrú an fhosaithe mhianraigh don Stát a eascraíonn as díol ionchasach na mianraí a eastósctar as an bhfosú eisiach sa limistéar eastósctha, arb é is ábhar don tairiscint é.

**Critéir mheastóireachta le haghaidh tograí**: déanfaidh painéal meastóireacht ar thograí maidir le haistriú an limistéir eastósctha chun go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos sna coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin, an modh atá beartaithe chun an fosú eisiach a eastóscadh agus láithreáin diúscartha dramhaíola, fuíll, linnte síothlaithe agus láithreáin stórála dramhaíola eile a shuíomh, coinbhleachtaí leasa a réiteach agus na ceanglais i dtaca le hábhar na dtograí maidir le haistriú an limistéir eastósctha a chomhlíonadh. Baineann an tábhacht chéanna le gach critéar.

**An dáta a bhfuil coinne leis chun an t-údarú a dheonú**: má ghlactar le togra, laistigh de 2 mhí tar éis iarratas incháilithe a chur isteach chun oibríochtaí mianadóireachta a údarú.

Is féidir tograí maidir le haistriú an limistéir eastósctha a sheachadadh go pearsanta nó tríd an bpost chuig Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive, Mlynské nivy 44/b, SK-821 09 an Bhratasláiv, an tSlóvaic i gclúdach séalaithe arna mharcáil '*Návrh do výberového konania*' (Togra maidir le nós imeachta roghnúcháin) agus ainm an eintitis a bhfuil an togra á chur isteach aige curtha in iúl go soiléir air. Ní mór dearbhú a bheith ag gabháil leis an togra go gcomhaontaíonn an t-eintiteas a bhfuil an togra á mholadh aige leis na coinníollacha a leagtar síos san fhógra seo. Is é dáta an togra an dáta a seachadadh an togra go pearsanta, nó an dáta a cuireadh an togra sa phost nó a seoladh go leictreonach é chuig mailto:obuba@obuba.sk nó chuig r-bhosca Uimh. E0005593218 na hOifige.

Is í Oifig Mianadóireachta Cheantar na Bratasláive an t-údarás stáit atá inniúil chun údaruithe a eisiúint leis an bhfosú a eastóscadh sa limistéar eastósctha seo. Leagtar síos na critéir, na coinníollacha agus na ceanglais a shonraítear in Airteagail 5(1), 5(2) agus 6(2) den Treoir in Acht Uimh. 51/1988 ó Chomhairle Náisiúnta na Slóvaice maidir le gníomhaíocht mhianadóireachta, pléascáin agus riarachán mianadóireachta stáit, arna leasú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil leis an Oifig trí ghlaoch a chur ar 00421 2 5341 7306 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig mailto:obuba@obuba.sk, nó trí r-bhosca Uimh. E0005593218 na hOifige.